Chomhaontaigh an Coiste an 14 Meitheamh 2023 cóip den Chion Polaitiúil seo a chur chuig Mícheál Mac Craith T.D., Aire Airgeadais, chuig Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, chuig Roberta Metsola CPE, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, agus chuig Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

### 4. Tuairim an Choiste

#### *Tograí Nua*

4.1 Tugann an Comhchoiste dá aire an cáineadh is mó ar Rialacha Buiséadacha láithreacha AE, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- *Barraíocht castachta* – aithnítear go forleathan go raibh na Rialacha Buiséadacha thar a bheith casta, nár tuigeadh a dhóthain iad agus, gur dheacair tacaíocht a fháil ina leith, dá bhrí sin.  
Thairis sin, is léir gurb é an bhéim ar fhiachas a laghdú agus ar theorainneacha fiachais ba chúis le beartais déine a chothú agus leis an mbonn a bhaint den chomhtháthú sóisialta. I bhfianaise air sin, go háirithe, ab ea an méid a tharla i ndiaidh na géarchéime airgeadais agus, is de bharr thionchair na mbeartas sin gur fágadh gur mhó a bhí sochaithe soghonta d'éifeachtaí phaindéim Covid-19 mar gheall ar thearc-infheistíocht i seirbhísí poiblí. Tá sé léirithe go mbíonn droch-éifeachtaí ag beartais den sórt sin ar ghrúpaí soch-eacnamaíocha éagsúla agus ar an athléimneacht eacnamaíoch, go háirithe in aimsir géarchéime
- *Comhlíonadh lag* – is amhlaidh go raibh an Nós Imeachta Easnaimh Iomarcaigh á shárú roinnt uaireanta ag Ballstáit le linn dó bheith á oibriú
- *Comhthimthriallacht* – is as na Rialacha a eascraíonn beartais chomhthimthriallacha trí chur in aghaidh caiteachais le linn tréimhsí a mbíonn fás mall agus diúltach ann.

Thairis sin, féadtar beartais déine a spreagadh de bharr béim a bheith ar fhiachas a laghdú agus ar theorainneacha fiachais, ar beartais iad a bhféadtar droch-éifeachtaí a bheith acu ar ghrúpaí eacnamaíocha agus ar phoist a chruthú, go háirithe in aimsir géarchéime.

Níl an Comhchoiste cinnte fós an ndéanfaí leis na tograí nua aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na saincheistanna atá leagtha amach thuas.

4.2 Fáiltíonn an Comhchoiste roimh dheireadh a chur leis an riail maidir le fiachas a laghdú d'aon fhichiú, ar riail í lena ndearnadh beartais chomchiogalacha a fhorchur tuilleadh. Tá an Comhchoiste den tuairim gur fianaise atá i gcásanna amhail paidéim Covid-19 go dteastaíonn beartais fritimthriallacha chun dea-bhail eacnamaíoch agus shoचाíoch a chur chun cinn.

4.3 Níl an Comhchoiste cinnte maidir leis na forálacha a bhaineann leis an nós imeachta easnaimh iomarcaigh agus an coigeartú íosta bliantúil de 0.5% OTI agus molann sé go ndéanfaidh Coimisiún AE an critéar sin a shoiléiriú tuilleadh.

4.4 Aithníonn an Comhchoiste gur thar a bheith neamhchinnte atá aon réamhaisnéis amach anseo agus gur faoi thionchar athruithe ar thiomhdigh a bhíonn anailísithe ar inbhuanaitheacht fiachais.

4.5 Molann an Comhchoiste go ndéanfar aon anailís agus aon fhaisnéis tacaíochta is iomchuí maidir leis na tograí nua um an Riail Bhuiséadach a sholáthar do pharlaimintí na mBallstát agus d'Fhorais Bhuiséadacha Neamhspleácha na mBallstát. Creideann an Comhchoiste gur rithábhachtach atá an ceanglas sin chun measúnú trédhearcacah agus cóir a dhéanamh ar na tograí nua. Tugann an Comhchoiste dá aire go bhfuil ionsamhluithe ar na conairí/teorainneacha caiteachais fós le foilsiú ag Coimisiún AE agus, dá bhrí sin, ní fios go fóill cad a bheidh i gceist leis na tograí sin a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais i ngach Ballstát ná cé chomh láidir atá na bunáirimh. Tá an Comhchoiste tar éis scríobh chuig an Roinn Airgeadais á iarraidh uirthi an fhaisnéis sin a fháil.



4.6 Dhírigh an Comhchoiste aird ar roinnt saincheisteanna maidir leis an 60% fiachais in aghaidh soláthar OTI agus 3% easnaimh, ach os rud é go bhfuil bonn leo laistigh de na Conarthaí, ní féidir iad sin a leasú i láthair na huaire. Ina ainneoin sin áfach, tugann an Comhchoiste dá aire, toisc go bhfuil an cóimheas fiachas OTI i bhfad níos airde ná 60% i roinnt mhaith tíortha, go bhféadfaí ualach mór agus conair choigeartaithe a bheith ar thíortha a bhfuil fiacha arda acu dá leanfaí den mhéid sin a úsáid mar sprioc.

#### *Infheistíocht Ghlas agus Infheistíocht i Seirbhísí Poiblí*

4.7 Tacaíonn an Comhchoiste leis an gcoincheap go mbeadh bunriail – is riail í ar léi nach mbeadh infheistíocht phoiblí san áireamh in oibleagáidí chun glanchaiteachas a laghdú – ar áireamh in athchóiriú ar Rialacha Buiséadacha AE, ag cur san áireamh an tionchar dochrach a bhain le cur i bhfeidhm daingean roimhe seo ar rialacha buiséadacha gearrthéarmacha maidir le caiteachas caipitil fadtéarmach, comhtháthú sóisialta, agus athléimneacht agus acmhainneacht seirbhísí poiblí chun freagairt d'éigeandálacha poiblí amhail Covid-19. Ba chabhair bunriail a áireamh chun a chinntiú go mbainfear úsáid as infheistíocht phoiblí ar mhaithe le comhtháthú sóisialta, seirbhísí poiblí agus cumas Ballstát páirt a ghlacadh i maolú agus oiriúnú aeráide a láidriú.

4.8 De bhun mhír 4.7, tacaíonn an Comhchoiste leis na spriocanna atá i dtograí nua Rialacha Buiséadacha AE i ndáil leis an gcreat buiséadach a shimpliú agus an bhéim meántéarmach a láidriú. Ach caithfear cothromaíocht a bheith idir sin agus an ceanglas maidir le hinfeistíocht i mbearta glasa agus bearta a bhaineann leis an aeráid. Is ábhar imní don Choiste nach bhfuil aon bheart den sórt sin sna tograí nua ina ndéanfaí caiteachas a bhaineann le hinfeistíocht a eisiáimh ó Anailís Inbhuanaitheachta Fiachais agus, i gcás roinnt ballstát, nach mbeadh an sprioc chun fiachas a laghdú i gcomhréir le tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht ghlas agus infheistíocht i seirbhísí poiblí

4.9 De bhun mhír 4.8, tugann an Comhchoiste dá aire freisin an tábhacht a bhaineann le caiteachas coisctheach – caiteachas poiblí a dhéantar anois chun a chinntiú nach mbeidh iarmhairtí diúltacha ann sa mheántearma agus san fhadtearma (lena n-áirítear i gcúrsaí buiséadacha) – maidir le gníomhú aeráide agus comhtháthú sóisialta agus tacaíonn sé le forálacha a áireamh in athchóirithe ar Rialacha Buiséadacha AE, is forálacha lena dtabharfaí cumhacht do Bhallstáit gabháil do chaiteachas coisctheach.”

4.14 Thug an Comhchoiste dá aire, san aighneacht a rinne sé do Choimisiún AE i mí na Nollag 2021 (Féach larscríbhinn 1), *“gur cóir é a bheith mar aidhm ag athchóiriú an chreat rialachais eacnamaíoch go dtabharfaí bunriail isteach lena ndéanfaí an clásal infheistíochta reatha a athbhreithniú. D’fhéadfaí leis an athbhreithniú sin an cineál solúbhthachta a chruthú lena ndéanfaí infheistíocht phoiblí, a bheadh dírithe ar chúraimí comhshaoil agus sóisialta, a dhíolmhú ó aon cheisteanna fiachais nó easnaimh bhuiséadaigh. Déanta na fírinne, is féidir spriocanna buiséadacha agus fiachais a athrú ach iad a phlé. Ní hionann sin agus athrú aeráide áfach, nach féidir a laghdú trína phlé agus, ar an ábhar sin, caithfear tosaíocht a thabhairt do spriocanna maidir le astaíochtaí GHG a laghdú, spriocanna atá bunaithe ar fhíricí na heolaíochta. Ní mór caitheamh le buiséid charbóin mar an creat ar laistigh de nach mór do bheartais eacnamaíocha oibriú seachas mar ghné de na beartais sin.”*

#### *Forais Bhuiséadacha Neamhspleácha*

4.15 Tugann an Comhchoiste dá aire an ról feabhsaithe atá beartaithe d’Fhorais Bhuiséadacha Neamhspleácha. Is dócha go gceanglófar leis na hathruithe beartaithe seo leasuithe reachtúla tríd an Acht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 i ndáil le Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann a mhaoiniú agus foireann a fhostú.

4.16 Tá an Comhchoiste den tuairim gur cóir leibhéal níos mó d’infhaighteacht sonraí a bheith ar fáil idir Ranna Rialtais agus Forais Bhuiséadacha Neamhspleácha ie. an Chomhairle Bhuiséadach agus í ag tabhairt faoina ról nua agus an Oifig Buiséid Pharlaiminteach, le linn measúnú neamhspleách a sholáthar do Thithe an Oireachtais. Is ríthábhachtach é sin má dhéantar leis na

Rialacha Buiséadacha nua an ról d'Fhorais Bhuiséadacha Neamhspleácha a fheabhsú agus d'fhéadfaí gur ghá bonn reachtúil a bheith leo.

4.17 Thairis sin, tugann an Comhchoiste dá aire gur amhlaidh, má chuirtear na hathruithe a bheartaítear i ngníomh, go mbeidh gá le hathrú breise ar an gCreat Buiséadach. Molann an Comhchoiste go ndéanfaidh an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an réimse sin a scrúdú, go háirithe a mhéid a bhaineann le foilseacháin Dréacht-Bhuiséadacha a uainiú.

AGUISÍN: Litir ón gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach chuig an gCoimisiún Eorpach maidir leis an athbhreithniú ar Chreat Rialachais Eacnamaíoch AE

Tagairt: **JFPERT-I-0444**

Ilze Juhansone, Uasal.

Ard-Rúnaí

An Coimisiún Eorpach

Rue de la Loi 200

Wetstraat 200

1040 (bosca poist: 1049)

An Bhreiséil

An Bheilg

Arna eisiúint le rphost: [ilze.juhansone@ec.europa.eu](mailto:ilze.juhansone@ec.europa.eu)

A Uasail Juhansone, a chara.

D'iarr an Comhchoiste um Airgeadas, Caitheachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach scríobh chugat maidir leis an athbhreithniú ar chreat rialachais eacnamaíoch AE. Inár gcáil mar chomhaltaí de Chomhchoiste an Oireachtais

(Parlaimint na hÉireann), tá páirt ghníomhach agus spéis againn i nithe buiséadacha agus airgeadais. Sa chomhthéacs sin, tá sa litir seo ár gcion san athbhreithniú ar Rialachas Eacnamaíoch AE atá á dhéanamh faoi láthair ag an gCoimisiún Eorpach.

Tugann an Coiste aitheantas don ról dearfach atá ag Banc Ceannais na hEorpa (BCE) le linn na paidéime agus é ag freagairt go tapa di, trína chlár Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpaigh, chun a chinntiú go bhféadfadh na ballstáit gabháil don iasacht inbhuanaithe a raibh gá léi chun an baol ba mheasa a sheachaint.

Níl i mbeartas airgeadais ach gléas amháin i gcur chuige ba chóir is cóir a bheith ina chur chuige iltaobhach. Caithfear baint a bheith ag beartas buiséadach. Is é sin an fáth a raibh gá leis an gClásal Éalaithe Ginearálta de na rialacha buiséadacha a chur i bhfeidhm go tapa ag tús na paidéime agus gur fáiltíodh roimhe, sa dóigh is go mbeadh ballstáit in ann gabháil do chaiteachas fritimthriallach ríthábhachtach. Aithníodh thairis sin go bhfuil na rialacha, de réir mar atá siad ar bun faoi láthair, ina rialacha comhthimthriallacha agus nach bhfuil siad oiriúnach don fheidhm atá leo.

Fáiltíonn an Coiste roimh an méid a chuir an Coimisiún in iúl le déanaí go n-aontaíonn siad (sa mhéid a dúirt coimisinéir eacnamaíoch AE Paolo Gentiloni) gur 'botún' a bhí sna beartais bhuiséadacha a úsáideadh chun déileáil leis an ngéarchéim is déanaí. Is mar a chéile a aithint gur ríthábhachtach atá an infheistíocht phoiblí agus nach in aimsir na géarchéime amháin a mbíonn tábhacht léi.

Ní féidir a shéanadh ach an oiread go dteastaíonn ó bhallstáit cinnteacht leanúnach a bheith acu maidir le caiteachas trínar féidir leo gabháil don chaiteachas poiblí is gá chun an bhris a thabhairt isteach agus iontaobhas a fháil ar ais a cailleadh de bharr na déine, seirbhísí poiblí a athnuachan, comhtháthú sóisialta a athbhunú, beartais eacnamaíocha chlaochlaitheacha a chur i gcrích agus aghaidh a thabhairt ar an todhchaí le misneach agus uaimhian.

Caithfear an t-athchóiriú fiúntach úr seo a thabhairt isteach san athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch féin. Ar an ábhar sin, is mian leis an gCoiste comhaontú lena bhfuil san ábhar imní atá curtha in iúl ag saineolaithe ar fud AE a thug rabhadh acu go bhféadfaí, dá dtabharfaí isteach arís teorainneacha treallacha fiachais agus easnaimh, an bonn a bhaint de chobhsaíocht mhaicraeacnamaíoch, d' inbhuanaitheacht comhsaoil, agus de dhlúthpháirtíocht na hEorpa.

Ní chreidimid gur inmholta na rialacha buiséadacha roimhe seo maidir le heasnaimh bhuiséid faoi bhun 3 faoin gcéad de OTI agus fiach in aghaidh cóimheasa OTI faoi bhun 60 faoin gcéad a thabhairt ar ais ná gur stuama a bheadh sé, i bhfianaise na mbotún a rinneadh roimhe seo agus na ndúshlán atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo roimh AE agus a bhallstáit.

D'éist ár gCoiste le déanaí le fianaise ón maicreacnamaí Gearmánach Dirk Ehnts a leag amach cad ba bhun leis na rialacha seo atá ann le tríocha bliain. B'ábhar mór iontais don Choiste a fháil amach nárbh as aon taighde eimpíreach a d'eascair na rialacha, agus gur beag plé eolaíoch a bhí ann chun tacú lena n-úsáid mar fhórsa cothromaíochta nó mar fhórsa cobhsaíochta ó thaobh cúrsaí sóisialta de.

Cuireadh in iúl dúinn gurbh é fostaí sóisearach de chuid Státchiste na Fraince a chuir an riail 3 faoin gcéad ar bun, ar an mbonn go raibh easnamh de 2.6 faoin gcéad ag an Fhrainc sna 1980í, agus dá bhrí sin go ndéanfaí, le riail a bheadh bunaithe ar 3 faoin gcéad, breis spáis bhuiséadaigh a thabhairt do rialtas na Fraince. Sa tslí chéanna, bunaíodh an riail maidir le 60 faoin gcéad fiachais in aghaidh cóimheas OTI ar an mbonn treallach gur meán neasach é sin d'fhiachas na mballstát a bhí ann an t-am sin in aghaidh leibhéil OTI.

Fuair an Coiste aighneachtaí i scríbhinn freisin ó mhaicreacnamaí na hOstaire an tUas. Philipp Heimberger agus ó Better Europe Alliance. Thug an Dochtúir Heimberger dá aire go bhféadfadh éifeachtaí móra diúltacha a bheith ann do gach ballstát, ceann i ndiaidh a chéile, da dtabharfaí rialacha buiséadacha isteach arís, go háirithe an Ghearmáin, an Ostair, an Ísiltír, Éire agus tíortha eile nach iad atá ag brath go mór ar earraí a easpórtáil agus atá nasctha go láidir le ballstáit eile de chuid AE mar gheall ar a gcuid struchtúr tionsclaíoch'.

Rinne sé trí mholadh don Choiste arb iad na spriocanna laghdaithe fiachais a mhaolú, an 'Clásal Infheistíochta' a athchóiriú ionas go bhféadfaí níos mó solúbhthachta a bheith ann lena spreagadh le hinfheistíocht phoiblí ar son athraithe aeráide agus difgíthe, agus an meastachán ar an easnamh struchtúrach a fheabhsú sa tslí is nach mbeadh sé chomh comhthimthriallach

Is cúis aiféala don Choiste gur roghnaíodh le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh roimhe seo an comhlíonadh rialacha buiséadacha nach raibh mórán fianaise ina leith a ardú os cionn gealltanais agus tosaíochtaí AE agus náisiúnta, amhail an fhís

fhadtéarmach le haghaidh “Fás Cliste, Inbhuanaithe agus Uilechuimsitheach” a leagadh amach in Eoraip 2020.

San aighneacht a rinne sé don Choiste agus le linn na tréimhse fada a bhfuil teagmháil chuiditheach aige maidir le próiseas an tSeimeastair AE, dhírigh Better Europe Alliance, líonra d’eagraíochtaí na hÉireann ón tsochaí shibhialta, aird ar an ualú neamhdhóthanach a tugadh don fhís fhadtéarmach sin. Rinne sé cás láidir ar son aon phróiseas Seimeastair nua a athchóiriú agus a athshamlú tríd an tuairisciú ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA a bheith mar chuid de, mar aon le tuairisciú ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (2018) agus Comhaontú Glas nua don Eoraip (2019).

Mhol sé go ndéanfaí na rialacha buiséadacha a leasú chun freastal níos fearr ar mhéaduithe sa leibhéal athraithe i gcaiteachas infheistíochta sóisialta agus fisicí agus chun an caiteachas sin a eisiáimh ón sprioc easnaimh struchtúraigh. Mhaígh se freisin gur cóir nach mbeadh in aon athchóiriú ‘infheistíocht phoiblí i mbonneagar sóisialta (i réimsí amhail sláinte, oideachas, tithíocht shóisialta agus cúram leanaí) agus in Aistriú Cóir ón teorainn easnaimh phoiblí de 3%.’

Tugadh roinnt aitheantais, trí thionscnaimh dhearfacha amhail an Ciste Téarnaimh agus Athléimneachta, gur mar gheall ar na srianta a cuireadh le spriocanna gearrthéarmacha ar an infheistíocht phoiblí gur lú a bhí roinnt mhaith ballstát ullamh ina seirbhísí poiblí agus sláinte agus iad ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an bpaindéim. Ní amháin sin áfach, ach is mar gheall ar na rialacha sin a cuireadh srian ar an infheistíocht phoiblí fhadtéarmach i réimsí amhail inbhuanaitheacht agus cuimsiú sóisialta agus is amhlaidh go bhfuil am luachmhar agus deiseanna curtha amú dá bharr. Thairis sin, is de bharr an fhoirmle bhuiséadach chéanna a chur ag gabháil leis an Líne Chreidmheasa Choinníollaithe Réamhchúraim go bhfuil an uirlis sin neamhábharta agus nach féidir í a rochtain i gcás formhór na dtíortha sa limistéar Eorpach.

Níl teorainneacha treallacha fiachais agus easnaimh in oiriúint do na dúshláin atá roimh an Eoraip i ndáiríre. Ar an ábhar sin, tá an Coiste den tuairim nach leor athchóiriú de réir a chéile ar na rialacha seo atá gan bhunús eolaíoch, agus go bhféadfadh méaduithe go dtí 100 faoin gcéad ar an leibhéal fiachais a bheith mar thoradh orthu. Bhí leibhéil fiachais os cionn 100 faoin gcéad roimh thús na

paindéime ag roinnt mhaith tíortha is baill den limistéar Eorpach iad, agus go bhfuil méadú ar na leibhéil sin ó shin i leith.

Comhaontaíonn an Coiste lena bhfuil á mhaíomh ag Klaus Regling, ceann an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh, a dúirt gur féidir le tíortha “leanúint ar aghaidh” agus fiacha is airde acu. Ní féidir linn áfach, leanúint ar aghaidh faoi bhaol an athraithe aeráide thubaistigh nó gan aon chomhtháthú sóisialta ná seirbhísí poiblí agus bonneagar náisiúnta a bheith againn nach bhfuil in oiriúint, nó nach leor iad, do na dúshláin atá romhainn le chéile.

Creideann an Coiste gur cóir a bheith mar chuspóir le hathbhreithniú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch bunriail a thabhairt isteach lena ndéanfáil an clásáil infheistíochta reatha a athbhreithniú. D’fhéadfaí leis an athchóiriú sin an cineál solúbhthachta a chruthú lena ndéanfáil infheistíocht phoiblí, atá dírithe ar chúraimí comhsaoil agus sóisialta, a eisiáimh ó aon cheisteanna maidir le fiachas/easnamh buiséadach.

4.18 I ndáiríre, is féidir spriocanna buiséadacha agus fiachais a athrú ach iad a phlé. Ní hionann sin agus athrú aeráide áfach, nach féidir a laghdú trína phlé agus, ar an ábhar sin, caithfear tosaíocht a thabhairt do spriocanna maidir le astaíochtaí GHG a laghdú, spriocanna atá bunaithe ar fhíricí na heolaíochta. Ní mór caitheamh le buiséid charbóin mar an creat ar laistigh de nach mór do bheartais eacnamaíocha oibriú seachas mar ghné de na beartais sin.”

Agus í ag tagairt don tráth a glacadh an Comhaontú Glas don Eoraip, dúirt an tUachtarán von der Leyen gur chosúil leis an ócáid í nuair a cuireadh an chéad duine ar an ngealach. Is ócáid stairiúil í a bhfuil an tábhacht chéanna ag baint léi agus ar cóir dúinn ceacht a fhoghlaim uaithi. I gcomhréir leis an gcomparáid sin a rinne an tUachtarán von der Leyen, caithfimid a admháil gur theastaigh caiteachas ollmhór stáit chun duine a chur ar an ngealach, agus gurb iad an infheistíocht phoiblí agus an taighde poiblí a chuir taca leis na forbairtí stairiúla is mó suntas ón idirlín a chruthú go dtí vacsaíní a fhorbairt.

Creideann an Coiste, maidir leis an toimhde sa phlé-dhoiciméad a sholáthair an Coimisiún, arb é nár chóir úsáid a bhaint as infheistíocht phoiblí nó infheistíocht stáit ach amháin in imthosca ina mbíonn mainneachtain mhargaidh’ ann, nach bhfuil aon fhianaise ina leith sin agus nach bhfuil sé oiriúnach don staid ina bhfuil cúrsaí i

láthair na huair. Ní cóir go mbeadh srian bréagach ar an stát sa tslí is go dtugtar ról dó chun gníomhú i gcás nach bhfuil an dara rogha ann, nuair is amhlaidh gur minic an infheistíocht phoiblí a bheith ina cur chuige is éifeachtúla agus is éifeachtaí ó thaobh costais de. Is fíor é sin go háirithe in imthosca ina bhfuil gá le claochlú mór go tapa agus de réir scála, le tuairisceáin atá fadtéarmach, nó a bheadh á léiriú mar chaillteanas a sheachaint seachas brabús a ghnóthú.

Mar sin, aithníonn an Coiste gur ó leibhéal an bhallstáit a thioctaidh formhór an mhaoinithe is gá don Eoraip chun a spriocanna aeráide a chomhlíonadh. Mar shampla, má tá ballstáit chun cabhrú le húsáid fuinnimh ghlain a chur chun cinn ní mór dóibh teacht chun bheith ina n-infheisteoirí mórsála i dteicneolaíochtaí glasa agus ina dtáirgeoirí nó ina gceannaitheoirí móra an fhuinnimh ghlain féin. Aithníonn an Coiste freisin an tábhacht a bhaineann leis an ngné sin den Chomhaontú Glas don Eoraip arb é an tAistriú Cóir é, agus lena mbeidh gá le caiteachas a bhaineann le saincheisteanna sóisialta ina leith agus ní amháin caiteachas a bhaineann le haeráid. Beidh sé sin ríthábhachtach maidir le comhtháthú sóisialta. Is minic sa smaointeoireacht shainchaite faoi chúrsaí eacnamaíocha gur cuireadh i leith na hinfheistíochta poiblí gur rud é a bhíonn ag tarraingt ar chiste teoranta coigilteas agus gurb é is cúis le hinfheistíocht na hearnála príobháidí a bhrú amach in aimsir na cobhsaíochta. Ach i ndáiríre cabhraíonn an infheistíocht phoiblí le hinfheistíocht na hearnála príobháidí a bhrú isteach, á dheimhniú don earnáil gnó gur toil leis an stát bheith ina chomhpháirtí, rud a chruthaíonn sineirge agus a chuireann le muinín.

Tá clásal infheistíochta ann i láthair na huair lena dtugtar scóip chun infheistíocht a dhíolmhú agus a bhfuil “éifeachtaí dearfacha, díreacha agus fadtéarmacha indeimhnithe maidir le fás agus inbhuanaitheacht airgeadais phoiblí” ag baint leis. Tá an Coiste den tuairim gur féidir agus gur cóir an clásal sin a leasú ionas go dtabharfaí scóip do bhallstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá amach rompu.

D’aithin an Coiste go mbeadh imní ar roinnt daoine go mbainfí mí-úsáid as sin ach tá sé den tuairim go bhféadfaí rialuithe cuí a chur i bhfeidhm. D’fhéadfaí an uasmhéid infheistíochta a d’fhéadfadh stát a dhíolmhú faoin gclásal sin a theorannú do mhéid an bhearna ‘ghlais’ agus don bhearna ‘sóisialta’ atá acu, rud a d’fhéadfaí a shocrú, mar shampla, I gcomhairle idir ballstáit agus údaráis iomchuí AE. Tá sé ríthábhachtach freisin go léireofaí leis an gclásal sin, agus leis an gcreat rialachais



ina iomláine, sainmhíniú agus tuiscint éagsúla ar 'inbhuanaitheacht' a bheadh i gcomhréir lena bhfuil leagtha amach i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) na Náisiún Aontaithe. Tugann an Coiste dá aire go dearfach an gealltanas a thug an Coimisiún maidir le SFlanna a áireamh mar chuid d'aon phróiseas Seimeastair nua. Ach is ríthábhachtach an tslí a ndéanfar é sin sa dóigh is nach cóir caitheamh le SFlanna mar chuspóir a chuirtear leis nó mar chairt ranguithe. Ina ionad sin, ba chóir iad a aithint mar chreat ar laistigh de a shuíonn beartas eacnamaíoch agus ba chóir na spriocanna agus na táscairí a aistriú ina moltaí a bhaineann le gach tír go sonrach agus gur moltaí iad a bheadh cáilíochtúil agus cainníochtúil. Tá se ríthábhachtach go gcuirfidh aon phróiseas nua Seimeastair bhliantúil le forbairt chomhtháite seachas forbairt scoilte agus nach ndéanfaidh sé, le linn an móiminteam is gá do na claochluithe a spreagadh, bonn a bhaint den chur chun cinn fadtéarmach tríd an iomarca béime a leagan ar spriocanna geartheármacha.


Tá uair an cinniúna sroichte ag an Eoraip, agus tá sé fíor-thábhachtach nach ligimid na maidí le sruth in aimsir seo na géarchéime agus na ndúshlán. Má táthar chun na mianta maidir leis an Eoraip a bheith láidir ó thaobh cúrsaí sóisialta de a shásamh, ina mbeidh an Eoraip chun tosaigh seachas ar gcúl san athrú aeráide, ansin ní mór do na forais a dhéanann rialú air a bheith oiriúnach dá bhfuil ann i ndáiríre sa 21ú haois.

Teastaíonn ó Éire, níos mó ná ó fhormhór na mballstát, a bheith cinnte go ndéanfar le haon athchóiriú ar na rialacha ligint di aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh romhainn amach anseo maidir le hathrú aeráide, comhtháthú sóisialta agus cobhsaíocht eacnamaíoch.

Má tá ceist ar bith agat, ná bíodh drogall ort dul i dteagmháil le Cléireach an Choiste

[REDACTED]

Le dea-ghuí,



Seán Mac Aonghusa, T.D.

Cathaoirleach an Choiste

